An Roinn Oideachais
Department of Education
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu agus An Leanúntas Tacaíochta á Úsáid

Bunscoileanna

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
An Roinn Oideachais

Tá forbairt déanta ag an nGrúpa Oibre Disléicse de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (SNSO) ar an gcáipéis seo. Is mian linn aitheantas a thabhairt d'obair ár gcomhghleacaithe sa Ghrúpa Oibre Gaeilge. Tá muid faoi chomaoin mhór agaibh. Dearadh an cháipeis chun tacú le scoileanna cur chuige bunaithe ar leanúntas a chur i bhfeidhm agus iad ag tacú le daltaí a mbíonn deacrachtaí acu le litearthacht i ngach comhthéacs scoile; Scoileanna Béarla, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an t-eolas seo bunaithe ar chleachtas a d'eascair ó fhianaise, agus tá sé mar threoir chun tacú le scoileanna freastal ar riachtanais na ndaltaí sin.

Molann an Roinn Oideachais go leanfadh scoileanna Leanúntas Tacaíochta chun riachtanais fhoghlama na ndaltaí a aithint agus freagairt dóibh, lena n-áirítear riachtanais fhoghlama a bhaineann le litearthacht. Tagraíonn deacrachtaí litearthachta do na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag páistí maidir le léitheoireacht chruinn agus/nó líofa, le léamhthuiscint agus le scileanna teanga scríofa a shealbhú i mBéarla nó\agus i nGaeilge. D'fhéadfadh sé seo a bheith ag braith ar theanga na scoile, más T1 agus/nó T2 atá i gceist. Cuireann an Leanúntas Tacaíochta creat ar fáil do scoileanna chun freagairt do dheacrachtaí litearthachta dalta a d'fhéadfadh a bheith follasach ag céim ar bith dá gcuid scolaíochta, agus a sholáthraíonn bealach do scoileanna chun freagairt dá riachtanais. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil deacrachtaí litearthachta ann ar chontanam, idir éadrom agus/nó neamhbhuan agus iad siúd atá níos déine agus níos seasmhaí. Tá scileanna teanga agus litearthachta fite fuaite lena chéile. Cuireann Curaclam Teanga Bunscoile na Roinne tacaíocht ar fáil do scoileanna i dT1 (bunteanga na scoile) agus T2 (dara teanga na scoile). Cé gur cheart d'fhormhór na ndaltaí dul chun cinn a léiriú tar éis idirghabháil litearthachta atá eolach ó thaobh fianaise de, d'fhéadfadh deacrachtaí in T1 agus\nó T2 a bheith ag céatadán beag a mhaireann, in ainneoin idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise a chuirtear ar fáil ar scoil. Is cur chuige é an Leanúntas Tacaíochta atá ar fáil ANSEO, cur chuige a chuimsíonn trí leibhéal nó chéim don idirghabháil, pleanáil agus don athbhreithniú.

Ina measc seo tá:

Leanúntas na Samhla Tacaíochta SNSO





Tacaíocht Scoile Uile agus Ranga do Chách

Is éard atá i gceist le Tacaíocht Scoile Uile agus Ranga do Chách ná cur chuige scoile uile maidir le teagasc agus foghlaim na litearthachta a bhfuil sé mar aidhm aige freastal ar riachtanais gach dalta.

I measc Na gCur Chuige Scoile Uile tá:

- Polasaithe agus Pleanáil Scoile - maidir le forbairt scileanna litearthachta sa dá theanga T1 (teanga na scoile) agus T2 (dara teanga na scoile\scoláire). Ina theannta seo, áirítear pleanáil curaclaim agus measúnú, aithint agus freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cur chuige maidir le teagasc agus foghlaim - lena n-áirítear, cuir chuige bunaithe ar fhianaise agus ar an difreáil maidir le teagasc na litearthachta. Ina theannta sin tá cur chuige traschuraclaim maidir le scileanna litearthachta a fhorbairt mar aon le húsáid an chreata Tacaíochta Leanúntas, i gcomhar le monatóireacht agus le hathbhreithniú ar fhreagairt an mhic léinn ar idirghabháil (FAI).
- Comhpháirtíochtaí Scoile - leis an mac léinn, tuismitheoirí, gníomhaireachtaí seachtracha, m. sh. SNSO, Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus naisc phobail.
- Timpeallacht Foghlama - timpeallachtaí foghlama dearfacha a chruthú a chothaíonn mothú sábháilteachta, socair, nasctha, féinéifeachtúlachta, agus a chuireann idirghabháil luath chun cinn.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chur chuige uile na scoile chun tacú le riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, féach *Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí.* Tá sé le fáil ANSEO

Tacaíocht Ranga do Chách

Is é Tacaíocht Ranga an chéad fhreagairt má bhíonn deacrachtaí ag dalta maidir le scileanna litearthachta a shealbhú. Is féidir Creat Cleachtais SNSO, cur chuige réiteach fadhbanna, a chur i bhfeidhm ag an gcéim seo ina gcuirtear ceithre phríomhcheist mar atá léirithe thíos:

Creat SNSO um Chleachtas



Is féidir cur síos a dhéanamh ar ghach ceann de na ceithre chéim agus iad a thaifeadadh trí Úsáid a bhaint as Plean Tacaíochta Ranga[1], ina bhféadfaí teacht ar shampla de ANSEO.

[1] Maidir leis an gceithre chéim seo i gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge, tá tábhacht ar leith ag baint le hidirghabháil a chur ar fáil do scileanna teanga agus litearthachta sa dá theanga, An Ghaeilge agus An Béarla mar a moltar i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Cad é an t-ábhar imní? An chéad chéim ná tuiscint a fháil ar scileanna teanga agus litearthachta T1 agus\nó T2 an dalta, a láidreachtaí san áireamh chomh maith le haon deacrachtaí nó réimsí riachtanais. D'fhéadfadh úsáid seicliostaí litearthachta bunaithe ar churaclam agus breathnóireachtaí múinteoirí a bheith ina gcur chuige úsáideach chun na réimsí sin a aithint. Déantar cur síos ar phríomhréimsí d'fhorbairt litearthachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile, ar féidir teacht orthu ANSEO. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi na príomhghnéithe a bhaineann le teagasc na litearthachta sna luathbhlianta i bhfoilseachán de chuid SNSO *An Cur Chuige Cothrom i leith Fhorbairt Litearthachta sna Luathbhlianta* agus atá ar fáil ANSEO.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú? Aon chúis a d'fhéadfadh a bheith i gceist atá ag cur leis an deacracht atá ag an dalta maidir le forbairt T1 agus\nó T2. D'fhéadfadh baint a bheith ag na tosca seo le teanga, leis an timpeallacht foghlama, le tosca sóisialta, agus/nó le teagasc agus le foghlaim. Is féidir tacú le bailiú eolais ag an gcéim seo trí sheicliostaí a úsáid sa *Leanúntas Tacaíochta: Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí.* Tá sé le fáil ANSEO. Áirítear leis seo Seicliosta Tacaíochta Seomra Ranga freisin atá an-úsáideach.

Cuireann An *Contanaim Dul Chun Cinn i gCuraclam Teanga na Bunscoile* acmhainn úsáideach ar fáil freisin do mhúinteoirí ranga chun measúnú bunaithe ar churaclam a dhéanamh ar dheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist nó ar mhoill ar fhorbairt scileanna teanga agus litearthachta. Is féidir teacht air ANSEO.

Cuimsíonn An Cur *Chuige Cothrom i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta*, atá ar fáil ANSEO, Athbhreithniú Bliantúil Iniúchta mar aon le hAthbhreithniú ar an Dea-Chleachtais do Mhúinteoirí. Is túsphointe maith é seo agus is acmhainn úsáideach é do mhúinteoirí ranga chun cabhrú le hidirghabháil phleanála ag leibhéal an tseomra ranga.

Conas is féidir linn cabhrú? Bunaithe ar an eolas a bailíodh, dréachtaíonn an múinteoir plean, ina leagtar amach conas is fearr a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí litearthachta T1 agus\nó T2 ag leibhéal an tseomra ranga. Beidh idirghabháil á treorú ag aois agus céim forbartha an dalta. Tá sé tábhachtach ag an bpointe seo, go mbeidh dlúthbhaint ag tuismitheoirí/caomhnóirí leis. Ba cheart idirghabháil a thaifeadadh sa *Phlean Tacaíochta Seomra Ranga* atá ar fáil ANSEO.

I gcás leanaí níos óige, d'fhéadfadh idirghabháil rangbhunaithe díriú ar chur chuige lena n-áirítear teagasc follasach ar réimse scileanna litearthachta T1 agus\nó T2. Ba cheart idirghabháil a bhunú ar na réimsí riachtanais a shainaithnítear tríd an bpróiseas bailithe faisnéise. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi na príomhghnéithe a bhaineann le teagasc na litearthachta sna luathbhlianta i bhfoilseachán de chuid SNSO *An Cur Chuige Cothrom i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta* atá ar fáil ANSEO.

Is toradh é *Cur Chuige Cothromaithe i leith Fhorbairt na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile* ar thionscadal comhoibríoch a rinne SNSO in éineacht leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG). Tá an acmhainn seo curtha in oiriúint go hiomlán do theagasc na litearthachta sa Ghaeilge, ag díriú ar pháistí a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus áirítear leis 16 ghearrthóg físe den dea-chleachtais. Is féidir teacht ar an gcáipéis seo ANSEO.

Tá *An Cur Chuige Cothromaithe i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta* agus *Cur Chuige Cothromaithe i leith Fhorbairt na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile* araon, ag tarraingt ar thaighde idirnáisiúnta, ar chleachtas bunaithe ar fhianaise agus ar shamplaí den chleachtas sin i mbunscoileanna na hÉireann, chun treoir chomhleanúnach chuimsitheach a thabhairt do mhúinteoirí. Is féidir le múinteoirí ranga atá ag obair le páistí ó Naíonáin Bheaga go Rang a hAon na hacmhainní seo a úsáid agus tá siad ar fáil ANSEO agus ANSEO.

D'fhéadfadh go mbeadh níos mó béime ar theagasc scileanna tuisceana, litearthacht dhigiteach, chomh maith le tacaíocht scríbhneoireachta agus litrithe mar chuid den idirghabháil do pháistí níos sine. Tá réimse acmhainní úsáideacha ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), lena n-áirítear foilseacháin ar Litearthacht agus Foghlaim chun tacú le daltaí níos sine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Is féidir teacht ar naisc chuig na seirbhísí seo san Aguisín.

Ar oibrigh sé? Ba chóir go mbeadh an múinteoir ranga, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an dalta (ar bhealach atá aoisoiriúnach) i gceist sa hathbhreithniú ar dhul chun cinn na ndaltaí. Ba cheart am an athbhreithnithe seo a aontú le múinteoirí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí mar chuid den Phlean Tacaíochta Seomra Ranga agus é a scríobh sa Chomhad Tacaíochta do Mhic Léinn.

Díríonn an t-athbhreithniú ar:

- Freagra an dalta ar fhianaise eolach idirghabhála agus ar an dul chun cinn atá déanta.
- Na chéad chéimeanna eile a theastaíonn agus go bhfuil glacadh leo. I gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí leanúnacha litearthachta T1 agus\nó T2 acu, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach dul ar aghaidh chuig Tacaíocht Scoile – Tacaíocht do Roinnt agus an cur chuige réiteach fadhbanna a chur i bhfeidhm ansin.

Tacaíocht Scoile – Tacaíocht do Roinnt

Is éard atá i gceist le Tacaíocht Scoile ná próiseas réitigh fadhbanna níos spriocdhírithe, ag tógáil ar eolas a bhailítear agus ar idirghabhálacha a rinneadh faoi Thacaíocht Ranga. Tá sé seo riachtanach nuair nach bhfuil dul chun cinn déanta ag an dalta ag an leibhéal Tacaíochta Ranga.

Tugtar breac-chuntas ar shonraí sonracha an phróisis seo sa *Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí.* Tá sé le fáil ANSEO

Cad é an t-ábhar imní? Le linn an athbhreithnithe ar Phlean Tacaíochta Ranga dalta, is féidir leis an múinteoir ranga cinneadh a dhéanamh, i gcomhairle leis an Múinteoir Oideachais Speisialta, leis an bpríomhoide agus leis na tuismitheoirí, an próiseas Tacaíochta Scoile a chur sa siúl. D'fhéadfadh sé seo tarlú má mheastar go bhfuil idirghabhálacha/spriocanna níos dírithe riachtanach chun cur ar chumas an dalta foghlaim níos éifeachtaí. Is éard atá i gceist leis seo ná soiléiriú a dhéanamh ar imní na múinteoirí, na ndaltaí agus na dtuismitheoirí agus teacht ar chomhthuiscint ar riachtanais an dalta.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú? Nuair a bheidh soiléiriú déanta ar na hábhair imní, tá sé tábhachtach a thuiscint cén fáth go bhfuil sé a leithéid ag tarlú. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach ag an bpointe seo eolas níos mine a bhailiú faoi dheacrachtaí bunúsacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le forbairt na scileanna litearthachta T1 agus\nó T2. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid tástálacha caighdeánaithe agus diagnóiseacha scoilbhunaithe ar scileanna litearthachta ar leith i gceist le measúnú ar dheacrachtaí litearthachta dalta. D'fhéadfadh próiseáil fóineolaíoch, eolas fónaice, aithint focal, líofacht léitheoireachta, léamhthuiscint agus litriú a bheith i gceist[2].

Tá go leor cineálacha measúnaithe ann, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a d'fhéadfadh a bheith mar chabhair maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais litearthachta. Tugann Alt 4, do fhoilseachán de chuid SNSO *Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí atá ag Streachailt - Treoir Dea-Chleachtais* léargas cuimsitheach ar mheasúnú scileanna litearthachta[3] agus atá ar fáil ANSEO agus Roinn 7 – Measúnú don Teagasc agus don Fhoghlaim i bhfoilseachán eile de chuid SNSO *Cur chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile* agus atá ar fáil ANSEO.

[2] Ní mór a bheith cúramach agus tú ag úsáid agus ag baint brí as tástálacha litearthachta caighdeanaithe sa Bhéarla i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge.

[3] Níl ach líon teoranta d'uirlísí tastálacha caighdeanaithe i nGaeilge ar fáil. Moltar do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge aird a thabhairt ar seo.

Conas is féidir linn cabhrú?

Conas is féidir linn cabhrú? Ba cheart don idirghabháil ag an leibhéal seo aghaidh a thabhairt ar riachtanais litearthachta ar leith litearthachta T1 agus\nó T2 a shainaithnítear tríd an bpróiseas measúnaithe. Sa chás go bhfuil réimse leathan riachtanas aitheanta, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach tús áite a thabhairt do réimsí litearthachta ar leith, bunaithe ar aois agus ar chéim forbartha an dalta.

Tugann foilseachán de chuid SNSO *Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí atá ag Streachailt – Treoir Dea-Chleachtais* achoimre chuimsitheach ar roinnt cur chuige fianaise-bhunaithe chun léitheoireacht an Bhéarla a mhúineadh do na daltaí sin a mbíonn deacrachtaí acu. Is treoir chuimsitheach í an acmhainn ar líne seo do mhúinteoirí, go háirithe do mhúinteoirí Oideachais Speisialta, ina dtugtar breac-chuntas ar chur chuige eolach fianaise-bhunaithe maidir le múineadh na léitheoireachta do léitheoirí atá ag streachailt. Cuimsíonn an treoir seo an raon aoise idir 6 agus 18 mbliana. Ina theannta sin, cuimsíonn sé gach dalta a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu. Ina measc tá:

- Conas is fearr tacaíocht foghlama a eagrú do léitheoirí atá ag streachailt
- Eolas faoi idirghabhálacha éifeachtacha i scoileanna na hÉireann

Is féidir teacht ar réimse acmhainní chun tacú le teagasc na litearthachta ANSEO.

Ar oibrigh sé?

Ar oibrigh sé? Tá sé tábhachtach go ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn, mar go gcaithfear an clár idirghabhála a athrú agus a chur in oiriúint dá réir agus beidh na leasaithe seo, bunaithe ar an gcaoi a bhfreagraíonn dalta d'idirghabháil. Déantar faisnéis maidir le tacaíocht agus idirghabháil a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta. Más rud é, tar éis tréimhse chomhaontaithe idirghabhála agus athbhreithnithe, nach bhfuil dóthain dul chun cinn déanta ag an dalta, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile den Leanúntas Tacaíochta - Tacaíocht Scoile Móide.



Tacaíocht Scoile Móide – Tacaíocht do Roinnt

Ag leibhéal Tacaíocht Scoile Móide, bíonn deacrachtaí suntasacha agus seasta ag an dalta maidir le bunscileanna litearthachta a bhaineann le réimse amháin nó níos mó lena n-áirítear léitheoireacht, litriú agus scríbhneoireacht. Tá na deacrachtaí litearthachta ag an leibhéal seo suntasach agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar rannpháirtíocht fhiúntach an dalta sa fhoghlaim, ar an bhfolláine, agus a c(h)umas spéis a chur sa churaclam. Leanann na deacrachtaí seo ar aghaidh, in ainneoin idirghabhálacha spriocdhírithe fianaise-eolasacha atá curtha i bhfeidhm cheana féin ag leibhéil Tacaíochta an tSeomra Ranga/ agus na Scoile. Is dócha go mbeidh tacaíocht bhreise leanúnach ag teastáil ón múinteoir tacaíochta foghlama do dhaltaí a léiríonn an leibhéal seo de dheacrachtaí litearthachta agus an dalta ag iarraidh rannpháirteach fhiúntach a ghlacadh i bhfoghlaim an churaclaim.

Go ginearálta, beidh an próiseas réitigh fadhbanna níos mine i gceist le Tacaíocht Scoile Móide, lena n-áirítear measúnú atá dírithe go hiomlán ar an dalta faoi stiúir na scoile mar aon le hidirghabháil atá spriocdhírithe.

Cad é an t-ábhar imní?

Cad é an t-ábhar imní? D'fhéadfadh comhairliúchán agus/nó measúnú breise a bheith i gceist le tacaíocht ag an leibhéal seo i gcomhar le múinteoirí, tuismitheoirí, agus an dalta chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhfáth a leanann deacrachtaí suntasacha in ainneoin idirghabháil spriocdhírithe, mar atá scríofa sa Phlean Tacaíochta do Mhic Léinn. Is féidir eolas sonrach faoin bpróiseas bailithe faisnéise, measúnaithe agus pleanála atá i gceist ag an gcéim seo, a fháil sna *Treoirlínte maidir le Leanúntas Tacaíochta do Mhúinteoirí* agus atá ar fáil ANSEO.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú? Tógann measúnú ag an leibhéal seo ar eolas a bailíodh mar chuid den phróiseas réiteach fadhbanna ag leibhéil roimhe seo, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos dírithe ar réimsí sonracha d'fhorbairt scileanna litearthachta. D'fhéadfadh measúnú níos mine a bheith i gceist maidir le cuid de na scileanna litearthachta seo a leanas nó iad go léir: próiseáil fhóineolaíoch, eolas ar fhuaim litreacha, scileanna léitheoireachta focal, cruinneas léitheoireachta, líofacht léitheoireachta, léamhthuiscint, chomh maith le scileanna litrithe agus scríbhneoireachta.

Ag an leibhéal seo, ba cheart go mbeadh réimse leathan faisnéise a bhailítear ó fhoinsí éagsúla (lena n-áirítear riachtanais fhoghlama, sóisialta agus mothúchánacha reatha an dalta) mar atá scríofa sa Phlean Tacaíochta do Mhic Léinn. Molann SNSO do scoileanna an cur chuige réiteach fadhbanna a úsáid trína nglacann gach scoil freagracht as measúnú tosaigh, aithint riachtanais, pleanáil oideachais, agus idirghabháil do dhaltaí. D'fhéadfadh ról a bheith ag SNSO, i gcomhairle le múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí, sa phróiseas réiteach fadhbanna ag an leibhéal seo.

Mar chuid de chur chuige réiteach fadhbanna an Chontanaim Tacaíochta mar aon leis an gcur síos ar fhreagairt an mhic léinn don idirghabháil sa Chomhad Tacaíochta do Mhic Léinn, déantar sainaithint/cur síos ar dheacrachtaí litearthachta T1 agus\nó T2 mar aon le disléicse. Is é an tuiscint atá ag an SNSO ar dhisléicse ná téama atá mar scáth-théarma do dheacrachtaí foghlama suntasacha a théann i bhfeidhm go príomha ar na scileanna a bhaineann le léamh focal cruinn agus/nó líofa agus/nó litriú/saothar leanúnach scríofa. Leanann na deacrachtaí sin, in ainneoin go bhfuil na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil éifeachtach agus oiriúnach d'fhormhór na bpáistí sin.

D'fhéadfadh cruth difriúil a bheith ar dheacrachtaí litearthachta, disléicse san áireamh, ag céimeanna éagsúla forbartha. Mar shampla, i bpáistí níos óige, is minic a bhíonn na deacrachtaí níos soiléire maidir le foghlaim agus maidir leis na scileanna fóineolaíocha a chur i bhfeidhm. I ndaltaí níos sine, d'fhéadfadh na deacrachtaí a bheith níos soiléire maidir le líofacht léitheoireachta, le litriú agus/nó le hobair scríofa ar bhonn leanúnach a chur ar fáil. D'fhéadfadh deacrachtaí litearthachta tionchar níos ginearálta a imirt ar chumas an scoláire teacht ar théacsleabhair agus a gcuid eolais agus foghlama a léiriú. Cuirfidh céim na ndaltaí d'fhorbairt litearthachta bonn eolais faoin idirghabháil.

Conas is féidir linn cabhrú?

Conas is féidir linn cabhrú? Ba cheart go léireodh idirghabháil ag an leibhéal seo cur chuige carnach, seicheamhach agus aonair, ag díriú ar scileanna litearthachta ar leith, mar aon le cur chuige a oireann do riachtanais fhoghlama. D'fhéadfadh forbairt stór focal, forbairt coincheapa, léamhthuisceana agus scileanna scríbhneoireachta a bheith ina réimsí tábhachtacha chun díriú ar dhaltaí níos sine. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ANSEO.

Ar oibrigh sé? Gné lárnach is ea monatóireacht agus an t-athbhreithniú ar fhreagairt an mhic léinn ar idirghabháil chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna a bhfuil deacracht ann agus cad iad na tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Is próiseas comhoibritheach é seo ina bhfuil na tuismitheoirí, na daltaí agus na múinteoirí páirteach. D'fhéadfadh síceolaithe SNSO comhairliúchán a chur ar fáil agus iad ag oibriú i gcomhar le múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí.

Tugann an chaipéis seo léargas ar chur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus atá bunaithe ar chontanam. Is ann dó chun treoir a thabhairt do scoileanna a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais litearthachta acu. Tugann an t-aguisín seo thíos naisc bhreise le heolas agus le hacmhainní úsáideacha eile a d'fhéadfá a bheith mar chabhair.

Aguisín - Acmhainní

An Comhairle um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)

https://www.cogg.ie/

Baineann ról na Comhairle leis an mbunoideachas agus leis an iar-bhunoideachas agus tá trí mhór-réimse oibre ann:

- Soláthar acmhainní teagaisc
- Seirbhísí taca
- Taighde

Tacaíochtaí Litearthachta na Roinne Oideachais

- Tugann foilseachán SFGM ar na sé phríomhchuid **d'Fhorbairtí Litearthachta sa Seomra Ranga Bunscoile** roinnt leideanna úsáideacha chun forbairt scileanna litearthachta atá oiriúnach do dhaltaí níos sine a chothú. Is féidir teacht air sin https://www.pdst.ie/sites/default/files/Literacy%20Development%20in%20the%20Primary%20Classroom.pdf

- **Cur Chuige na Scoile Uile féach Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí**
  gov.ie - Riachtanais Speisialta Oideachaisa Contanam Tacaíochta (www.gov.ie)

- **Cuireann SNSO treoir chabhrach ar fáil maidir le measúnú ar dheacrachtaí litearthachta**
  gov.ie - An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) Acmhainní & Foilseacháin (www.gov.ie)
- **Cur Chuige Cothrom i leith Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta**,
  https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/cur-chuige-cothromaithe-i-leith-na-litearthachta-i-mbunranganna-na-bunscoile/

- **Cur Chuige Cothromaithe - As Gaeilge**
  Cur Chuige Cothromaithe i leith Fhorbairt na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile
  SNSO i dteannta leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG).
  https://www.google.com/search?q=As+Gaeilge+Cur+Chuige+Cothromaithe+i+leith+Fhorbairt+na+Litearthachta+i+mBunranganna+na+Bunscoi

- **Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí atá ag Streachailt** –
  gov.ie - An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) Acmhainní & Foilseacháin (www.gov.ie)

- **Curaclam Teanga na Bunscoile -**
  https://www.curriculumonline.ie

- **Curaclam Teanga na Bunscoile -**
  Teanga bunscoile (curriculumonline.ie)

Ciorcláin Ábhartha

- Cuireann an Roinn Oideachais ciorcláin ar fáil maidir le tástáil chaighdeánaithe agus eolas eile ar acmhainní chun tacú le cúrsaí na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta PLC-Circular_FINAL_GA.pdf (curriculumonline.ie)

FGL do Mhúinteoirí

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

- Cuireann SNSO cúrsaí ar fáil trí Ionaid Oideachais áitiúla chun eolas a chur ar mhúinteoirí a bhfuil *Cur Chuige Cothromaithe acu maidir le Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta* agus an *Idirghabháil Éifeachtach d'acmhainní Léitheoirí atá ag Streachailt*.
- Féadfaidh scoileanna dul i gcomhairle lena síceolaí sannta le haghaidh tacaíochta sa réimse seo freisin.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta – Cúrsaí do Mhúinteoirí

Seimineáir 1 lá sa réimse seo, ar féidir teacht orthu ag an nasc seo a leanas https://ncse.ie/for-schools/connect-teacher-professional-learning-events-catalogue

- Daltaí a mhúineadh le Deacrachtaí Litearthachta lena n-áirítear Disléicse (Bunscoil)
- Tacú le Disléicse trí Aipeanna a úsáid
- Aitheantas Gutha Teicneolaíochta Cúnta don Disléicse/SLD
- Litearthacht do Dhaltaí a bhfuil Uathachas orthu